Coimisiún na Meán

# Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne Tuarascáil Trédhearcachta

1 Eanáir - 31 Nollaig 2024

# Clár

**Réamhrá** 3

**Gníomhaíochtaí le linn thréimhse 2024** 5

Coimisiún na Meán

# Réamhrá

Leis an Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (“TCOR”, nó “an Rialachán”)[1] ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí óstála (“HSPanna”) aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid na seirbhísí óstála a sholáthraíonn siad chun ábhar sceimhlitheoireachta a chraobhscaoileadh.[2]

Le hábhar sceimhlitheoireachta tagraítear d’ábhar a roinntear ar líne lena ndéantar, go díreach nó go hindíreach, amhail trí ghníomhartha sceimhlitheoireachta a mhóradh, déanamh cionta sceimhlitheoireachta a mholadh, ar dhóigh is cúis le baol go ndéanfaí ceann amháin nó níos mó de chionta den sórt sin; ábhar lena n-iarrtar ar dhuine nó ar ghrúpa daoine chun cionta sceimhlitheoireachta a dhéanamh nó rannchuidiú leo sin a dhéanamh nó a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí grúpa sceimhlitheoireachta; ábhar lena ndéantar teagasc a chur ar fáil maidir le pléascáin, airm thine nó armáin eile nó substaintí guaiseacha nó díobhálacha a dhéanamh agus a úsáid, nó maidir le modhanna agus teicnící sonracha eile chun ceann de na cionta sceimhlitheoireachta a dhéanamh nó rannchuidiú leo sin a dhéanamh; nó ábhar atá ina bhagairt chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh.[3]

Ní mór do Bhallstáit an AE údaráis inniúla a cheapadh chun cúraimí faoi leith a dhéanamh faoin Rialachán ina ndlínse.[4] Is é Coimisiún na Meán (“an Coimisiún”) údarás inniúil na hÉireann chun críocha Airteagail 12(1)(c) agus 12(1)(d) de TCOR chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart sonrach a dhéanann HSPanna de bhun Airteagal 5 agus chun pionóis a fhorchur ar HSPanna a sháraíonn an Rialachán de bhun Airteagal 18. Is é an Garda Síochána údarás inniúil na hÉireann chun críocha Airteagal 12(1)(a) maidir le horduithe baint anuas a eisiúint i gcás ábhar sceimhlitheoireachta de bhun Airteagal 3.

***Tuarascálacha Trédhearcachta***

Ní mór d’údaráis inniúla tuarascálacha trédhearcachta bliantúla a fhoilsiú ar a gcuid gníomhaíochtaí faoin Rialachán de bhun Airteagal 8(1). Mar a leagtar amach in TCOR, ba cheart an méid a leanas a áireamh sa tuarascáil sin:

(a) an líon orduithe baint anuas a eisíodh faoi Airteagal 3, lena sonraítear an líon orduithe baint anuas faoi réir Airteagal 4(1), an líon orduithe baint anuas a ndearnadh grinnscrúdú orthu faoi Airteagal 4, agus faisnéis maidir le cur chun feidhme na n-orduithe baint anuas sin ag na soláthraithe seirbhísí óstála lena mbaineann, lena n-áirítear an líon cásanna inar baineadh anuas ábhar sceimhlitheoireachta nó inar díchumasaíodh rochtain air agus an líon cásanna nár baineadh anuas ábhar sceimhlitheoireachta nó nár díchumasaíodh rochtain air;

(b) an líon cinntí a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5(4), (6) nó (7), agus faisnéis maidir le cur chun feidhme na gcinntí sin ag soláthraithe seirbhísí óstála, lena n-áirítear tuairisc ar na bearta sonracha;

(c) an líon cásanna ina raibh orduithe baint anuas agus cinntí a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5(4) agus (6) faoi réir imeachtaí riaracháin nó athbhreithnithe bhreithiúnaigh agus faisnéis maidir le toradh na n-imeachtaí ábhartha;

---

[1] Rialachán - 2021/784 - GA - EUR-Lex

[2] Ciallaíonn soláthraí seirbhísí óstála soláthraí seirbhísí mar a shainmhínítear i bpointe (b) d’Airteagal 1 de Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (14), arb é atá iontu stóráil na faisnéise arna soláthar ag soláthraí ábhair agus arna iarraidh sin dó.

[3] Tagair do TCOR, Airteagal 2(7) chun an sainmhíniú ina iomláine a fháil.

[4] Airteagal 12

(d) an líon cinntí lenar forchuireadh pionóis de bhun Airteagal 18, agus tuairisc ar an gcineál pionóis a forchuireadh.

Is í an tuarascáil seo tuarascáil trédhearcachta an Choimisiúin don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024.

# Gníomhaíochtaí le linn thréimhse 2024

**(b) an líon cinntí a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5(4), (6) nó (7), agus faisnéis maidir le cur chun feidhme na gcinntí sin ag soláthraithe seirbhísí óstála, lena n-áirítear tuairisc ar na bearta sonracha;**

In 2024 chinn an Coimisiún go raibh trí cinn de HSPanna neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta de bhun Airteagal 5(4): Meta Platforms Ireland Limited ("Meta") (i dtaca le seirbhísí Facebook agus Instagram dá chuid), TikTok Technology Limited ("TikTok") agus Twitter International Unlimited Company ("X"). Rinne an Coimisiún a chuid cinntí de bhun Chreat Choimisiún na Meán um Chinntí maidir le Neamhchosaint Soláthraithe Seirbhísí Óstála ar Ábhar Sceimhlitheoireachta.[5]

Ní dhearnadh aon chinneadh de bhun Airteagail 5(6) nó 5(7) sa tréimhse thuairiscithe.

Níor thuairiscigh aon HSP ar na bearta sonracha a rinne siad nó atá beartaithe acu a dhéanamh sa tréimhse thuairiscithe. D'eisigh an Coimisiún a chinntí de bhun Airteagal 5(4) an 13 Samhain 2024 le haghaidh TikTok, X agus Meta (i dtaca lena sheirbhís Instagram) agus an 16 Nollaig 2024 le haghaidh Meta (i dtaca lena sheirbhís Facebook). Tá oibleagáid ar na HSPanna tuarascálacha a chur ar fáil ar na bearta sonracha tráth nach déanaí ná trí mhí ó dhátaí na gcinntí sin.

**(c) an líon cásanna ina raibh orduithe baint anuas agus cinntí a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5(4) agus (6) faoi réir imeachtaí riaracháin nó athbhreithnithe bhreithiúnaigh agus faisnéis maidir le toradh na n-imeachtaí ábhartha;**

Ní raibh aon chinneadh a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5(4) agus (6) faoi réir imeachtaí riaracháin nó athbhreithnithe bhreithiúnaigh sa tréimhse thuairiscithe.

**(d) an líon cinntí lenar forchuireadh pionóis de bhun Airteagal 18, agus tuairisc ar an gcineál pionóis a forchuireadh.**

Níor forchuireadh aon phionós de bhun Airteagal 18 sa tréimhse thuairiscithe.

---

[5] https://www.cnam.ie/ga/publication/creat-choimisiun-na-mean-um-chinnti-maidir-le-neamhchosaint-solathraithe-seirbhisi-ostala-ar-abhar-sceimhlitheoireachta/